

Draft Mayo
CYCLE
Network



1. Réamhrá

Iarradh ar AECOM, mar chuid d'Oifig Dearaidh Rothaíochta an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA) pleananna cuimsitheacha rothaíochta a fhorbairt do chontaetha lasmuigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA), agus Contae Mhaigh Eo san áireamh. Tá sé beartaithe go mbeidh CycleConnects ina líonra cuimsitheach rothaíochta do gach cineál úsáideora rothair ar fud gach contae in Éirinn agus go ndéanfar forbairt ar an líonra rothaíochta atá molta do chontaetha sa GDA.

Áireofar leis sin na líonraí rothaíochta atá ann cheana féin amhail rotharbhealaí uirbeacha, glasbhealaí agus bealaí idiruirbeacha. Déanfar é sin a fhorlíonadh le rotharbhealaí/naisc rothaíochta atá achoimrithe sna pleananna forbartha agus iompair is déanaí, agus le líonraí eile a theastaíonn chun an nasc idir an líonra agus pobail a uasmhéadú. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil cineál bonneagair ar bith sonraithe sa phlean seo ar bhealach ar bith agus go bhfuil an plean dírithe ar na príomhnaisc a thabhairt chun suntais d'fhonn líonra cuimsitheach rothaíochta a chruthú lena nasctar gach mórfhobal agus gach ceann scribe.

Sa nóta seo déanfar achoimre ghairid ar an líonra rothaíochta atá molta do Mhaigh Eo. Le haghaidh sonraí a fháil faoin modheolaíocht, faoi bheartas náisiúnta agus faoi uailmhianta foriomlána do líonraí CycleConnects, féach an phríomhthuarascáil a bhfuil an nóta teicniúil seo ina chuid di.

2. Daonra agus lonnaíochtaí Mhaigh Eo

Tá Contae Mhaigh Eo suite in iarthar na hÉireann i gcúige Connacht agus an tAigéan Atlantach ar an taobh thuaidh agus ar an taobh thiar de agus Contae Shligigh agus Contae Ros Comáin ar an taobh thoir de. Tá Contae na Gaillimhe ar an taobh theas de freisin.

De réir CSO (an Phríomh-Oifig Staidrimh) 2016 tá daonra de 130,507 áitritheoirí sa chontae. Tábla 2.1 Taispeántar daonra na mbailte thíos laistigh de Mhaigh Eo. Níl ach Béal an Átha, Caisleán an Bharraigh agus Cathair na Mart ann atá ina lonnaíochtaí ina bhfuil níos mó ná 5,000 duine agus daonra níos lú ná 5,000 i ngach baile eile..

Tábla 2.1: Lonnaíochtaí Daonra i Maigh Eo

Cathair/Baile	Daonra (2016)
Caisleán an Bharraigh	12,068
Béal an Átha	10,171
Cathair na Mart	6,198
Clár Chlainne Mhuirís	3,687
Baile an Róba	2,786
Béal Átha na hAmhnais	2,366
Béal Átha na Muice	1,394
Béal Easa	1,315
Coillte Mach	1,069
Crois Mhaoilíona	1,044

Cathair/Baile	Daonra (2016)
Baile Chathail - Béal Lathaí	1,033
Béal an Mhuirthead	1,019

3. Beartais agus Pleananna Mhaigh Eo atá ann cheana féin

Plean Forbartha Chontae Mhaigh Eo 2022- 2028

I bPlean Forbartha Chontae Mhaigh Eo 2022-2028 leagtar amach an treochlár maidir le pleanáil agus forbairt inbhuanaithe cheart fhoriomlán Chontae Mhaigh Eo thar thréimhse an phlean. Cé go bhfuil an plean i bhfeidhm le haghaidh thréimhse sé bliana, féachann sé do chuspóirí forbartha fadtéarma an chontae suas go dtí 2040, d'fhonn bheith ar aon dul le pleananna spásúlachta náisiúnta agus réigiúnacha.

Déanta foráil leis an bplean seo d'fhorbairt fhisiceach, eacnamaíoch, agus shóisialta an chontae, agus déantar é sin a bhainistiú leis, ar mhaithe le leas an phobail agus i gcomhréir le reachtaíocht um an gcomhshaol.

Is í an fhís atá ann do Chontae Mhaigh Eo '*contae inbhuanaithe agus iomaíoch a chruthú ina dtacaítear le sláinte agus le folláine mhuintir Mhaigh Eo, agus ceann scríbe tarraingteach á chruthú mar áit chun cónaí agus obair a dhéanamh inti, chun infheistíocht agus gnó a dhéanamh inti, agus chun cuairt a thabhairt uirthi, ina gcuirtear fostaíocht ardchaighdeán agus deiseanna oideachasúla ar fáil laistigh de phobail láidre agus bríomhara, agus an t-aistriú chuig contae ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide de ina dtacaítear le comhshaol ardchaighdeán á chinntiú ag an am céanna.*'

Baineann an aidhm straitéiseach a leanas de réir mar atá sí sonraithe laistigh den phlean forbartha le bonneagar a fhorbairt chun tacú le haistriú córa iompair ó úsáid carranna príobháideacha go modhanna iompair níos inbhuanaithe amhail rothaíocht.

Leis na haidhmeanna thuas cuirtear taca faoi na cuspóirí straitéiseacha a leanas. Mar sin de, baineadh na cuspóirí straitéiseacha (SONna) a leanas amach mar gheall ar a n-ábharthacht do líonra rothaíochta a fhorbairt ar fud an chontae.

SO 4 - Contae Ísealcharbóin atá Seasmhach ó thaobh na hAeráide de

Chun aistriú chuig contae Ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na h-aeráide de trí na nithe a leanas a chur chun cinn: patrúin lonnaithe inbhuanaithe; comhtháthú talamhúsáide agus modhanna inbhuanaithe iompair; siúl, rothaíocht agus iompar poiblí a spreagadh; spleáchas ar fhoinsí fuinnimh ghlais a mhéadú; pobail uirbeacha agus tuaithe a spreagadh chun athrú éifeachtach a éascú agus trí athléimneacht ó thaobh na h-aeráide de agus gníomhú ar son na h-aeráide a chur san áireamh le seirbhísí agus feidhmeanna uile Chomhairle Contae Mhaigh Eo.

SO 12 - Talamhúsáid agus Pleanáil Iompair Chomhtháthaithe

Pleanáil talamhúsáide agus pleanáil iompair inbhuanaithe a chomhtháthú, comhdhlúthú forbartha a spreagadh, patrúin iompair inbhuanaithe a spreagadh tríd an ngá le taisteal ar iompar príobháideach go háirithe a laghdú, agus tús áite á thabhairt do shiúl, do rothaíocht agus d'iompar poiblí.

Baineann Caibidil 6 den phlean forbartha le gluaiseacht agus le hiompar ar fud an chontae, agus an aidhm straitéiseach ann úsáid modhanna inbhuanaithe iompair a mhéadú. Rinneadh an chaibidil sin a threorú ag an aidhm straitéiseach chun tacú leis an aistriú chuig todhcháí ísealcharbóin, trí úsáid modhanna inbhuanaithe iompair i gContae Mhaigh Eo.

Déantar iarracht leis an bplean seo siúl agus rothaíocht a spreagadh mar mhodhanna iompair príomhúla laistigh de phobail i lonnaithe. Trí dhearadh feabhsaithe sráideanna i lonnaithe spreagfar níos mó daoine chun siúl, chun dul ar rothar nó chun iompar poiblí a

úsáid, tríd an eispéireas a dhéanamh níos sábháilte agus níos pléisiúrtha. Trí sin, cuideofar le luasanna tráchta a íslíú, úsáid neamhriachtanach carranna a laghdú agus timpeallacht thógtha a chruthú ina gcuirtear stíleanna maireachtála sláintiúla chun cinn atá níos báúla do nádúr sainiúil pobal agus áiteanna ar leith.

Baineann na beartais iompair (MTP) agus cuspóirí iompair (MTO) le forbairt líonraí rothaíochta agus chomh maith leis sin leis an dóigh ar féidir le líonra rothaíochta cuidiú le roinnt de na beartais agus de na cuspóirí sin a chomhlíonadh.

MTP3 - Chun tacú le tionscnaimh ‘Taisteal níos Cliste’ ar bith agus iad a éascú lena bhfeabhsófar iompar inbhuanaithe laistigh den chontae, lena n-áirítear iompar poiblí, feithiclí leictreacha agus hibrideacha, clubanna carranna, scéimeanna rothar poiblí, saoráidí feabhsaithe do choisithe agus do rothaíocht, de réir mar is iomchuí.

MTP 5 – Chun a chinntiú go bhfuil limistéir forbartha agus talamhúsáidí fostaíochta inúsáidte do rothaíocht agus do shiúl agus go leagtar amach iad ar dhóigh lena ndéantar oibriú iompair phoiblí agus rochtain air a éascú ag cónaitheoirí agus ag fostaithe.

MTP 11 - Chun tacú le bealaí rothaíochta/siúil níos sábháilte a thacú d’fhonn daoine a spreagadh a bheith níos gníomhaí go fisiceach chun críocha iompair agus fóillíochta.

MTP 12 - Chun dearadh agus tógáil forbraíochtaí nua a spreagadh d’fhonn comharsanachtaí agus áiteanna oibre ísealcharbóin ina siúlta a chruthú ina bhfuil bonneagar glas agus gorm.

MTP 29 – Chun moltaí an Lámhleabhair Dearaidh le haghaidh Bóithre agus Sráideanna Uirbeacha (DMURS) a chur i bhfeidhm maidir le sráideanna agus bóithre uirbeacha laistigh den chríoch 50/60kph.



Fíor 3.1: An Plean Molta do Ghlasbhealach Chontae Mhaigh Eo

Seo a leanas na príomhchuspóirí

MTO 1 - Chun Pleananna Iompair Áitiúil (LTPanna) a ullmhú agus iad a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus le páirtithe leasmhara ábhartha, do Bhéal an Átha, do Chaisleán an Bharraigh agus do Chathair na Mart, agus do lonnaithe eile, nuair is iomchuí.

MTO 4 - Chun úsáid rothar a mhéadú i lonnaithe Chiseal 1 agus Chiseal II ar aon dul leis an meán náisiúnta (2016).

MTO 5 - Chun bonneagar agus saoráidí iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta a chur ar fáil i limistéir forbraíochta atá ann chun fás a bhaint amach maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe.

MTO 7 - Chun spriocanna um aistriú córa iompair agus córas monatóireachta a bhunú d'fhonn úsáid modhanna iompair inbhuanaithe a mhéadú i mbailte Bhéal an Átha, Chaisleán an Bharraigh agus Chathair na Mart, de réir mar a threoraítear ag pleananna iompair áitiúil.

MTO 8 - Chun cothabháil agus forbairt bhreise an líonra cosán poiblí, na mbealaí rothaíochta agus siúil agus an bhonneagair ghaolmhair a spreagadh agus a éascú agus, nuair is féidir, bealaí rothaíochta agus siúil a aisfheistiú sa líonra bóithre uirbeacha atá ann cheana.

MTO 9 - Chun tacú le bunú líonra de bhealaí rothaíochta agus siúil idirnasctha sa chontae agus sna contaetha in aice leis, ag féachaint do chaighdeán dea-chleachtas lena n-áirítear Lámhleabhar Dearaidh le haghaidh Bóithre agus Sráideanna Uirbeacha agus Lámhleabhar Rothaíochta NTA nó treoir náisiúnta nó lámhleabhair a cuireadh ina n-ionad.

MTO 11 - Nuair is iomchuí, corprú rotharbhealaí sábháilte agus éifeachtúla a spreagadh, mar aon le cosáin inrochtana, agus bealaí do choisithe sna scéimeanna dearaidh do láir bailte/ionaid chomharsanachta, forbraíochtaí cónaithe, oideachasúla, fostaíochta, agus fóillíochta, agus d'úsáidí eile, agus an dearadh treoraithe ag lámhleabhair a foilsíodh agus ag an Lámhleabhar Deartha le haghaidh Bóithre agus Sráideanna Uirbeacha agus ag Lámhleabhar Rothaíochta NTA nó ag treoir nó lámhleabhair náisiúnta ar bith a cuireadh ina n-áit.

MTO 12 - Chun leanúint le líonra Glasbhealaí a fhorbairt sa chontae i gcomhréir le deachleachtas agus nuair is féidir gur léir nach mbeidh iarmhairtí diúltacha ar an gcomhshaol mar gheall ar an bhforbairt ná ar shláine líonra Natura 2000.

MTO 13 - Chun an fhéidearthacht a phlé de Ghlasbhealaí / Siúlbhealaí lúbtha a chur ar fáil do Lonnaíochtaí Chiseal I, Chiseal II agus Chiseal III, nuair is féidir a thaispeáint nach mbeidh iarmhairt diúltach shuntasach ar an gcomhshaol mar gheall ar a leithéid de scéimeanna ná ar shláine líonra Natura 2000.

MTO 15 - Chun iarracht a dhéanamh na tionscadail siúil / rothaíochta a chur chun cinn atá liostaithe i dTábla 6.4 de Phlean Forbartha Chontae Mhaigh Eo 2022- 2028 atá léirithe thíos.

Tábla 3.1: Tionscadail Siúil / Rothaíochta Mhaigh Eo

Walking and Cycling Projects
CLEWBAY GREENWAY WPORT/LBURGH/ROONAGH/CLARE ISLAND/KILLARY
CLEWBAY GREENWAY ACHILL SOUND / KEEL
CLEWBAY GREENWAY ACHILL SOUND / CLOUGHMORE
CASTLEBAR URBAN GREENWAY LINK PHASE 1 & PHASE 2
TRAILS DEVELOPMENT
GWG IMPROVEMENTS, IMPROVED TOWN LINKAGES INCLUDING NEWPORT TUNNELS
BANGOR TRAIL & ERRIS ADVENTURE BRIDGE
TURLOUGH/PONTOON/FOXFORD (INCLUDING RIVERSIDE TRAIL AT TURLOUGH RIVER FALLS)
IMPROVEMENTS TO TOCHAR PADRAIG
BOWERS WALK BALLINROBE
MONASTERIES ON THE MOY/ATLANTIC CYCLE NETWORK
WESTPORT CONG LOST TREASURES TRAIL
MOUNTAIN BIKE CENTRE AND MAYO/SLIGO BIKE TRAIL
MOOREHALL MASTERPLAN (INCLUDING TRAILS)
SLIEVEMORE TRAIL
IMPROVEMENTS TO WESTERN WAY
SPIRITUAL TRAIL (CROAGH PATRICK, CONG AND KNOCK)
LONG DISTANCE COASTAL GREENWAY (MAP 6.1)
LONG DISTANCE INTERURBAN GREENWAY (MAP 6.1)
TOWN GREENWAYS (MAP 6.1)
NATIONAL COASTAL PATH, INCLUDING CÉIDE COAST
IMPROVEMENTS TO KEEM BAY SIGNATURE DISCOVERY POINT, INCLUDING TRAIL AND VIEWING PLATFORM
FALCON TRAIL FROM CANALSIDE BALLINA TO MOUNT FALCON ESTATE

Table 6.4 – List of Walking and Cycling Projects

Baineann Caibidil 5 den Phlean Forbartha le straitéis turasóireachta a fhorbairt. Sa bhreis ar sin, forbraíodh roinnt bealaí siúil agus rothaíochta seanbhunaithe trína ligtear do phobail áitiúla rochtain a fháil ar shócmhainní an chomhshaoil nádúrtha, amhail Glasbhealach agus rotharbhealach Thurlaigh i gCaisleán an Bharraigh agus an bealach siúil agus rothaíochta feadh an iar-larnróid i gCathair na Mart. Cuireadh na beartais turasóireachta a leanas san áireamh leis an bplean a bhaineann le forbairt an bhonneagair rothaíochta.

Chun Maigh Eo a chur chun cinn mar an ceanna scríbe siúil/rothaíochta is fearr sa tír agus chun tacú le forbairt bhreise bealaí agus conairí siúil sa chontae agus na bealaí sin a nascadh agus a chomhtháthú le bealaí agus conairí eile atá ann / atá molta laistigh agus lasmuigh de Chontae Mhaigh Eo, i gcomhréir le treoir maidir leis an straitéis siúil náisiúnta agus i gcomhar le Rannóg Turasóireachta Chomhairle Contae Mhaigh Eo, le Fáilte Éireann agus le páirtithe leasmhara eile.

TRO - 3 Chun Staidéar féidearthachta a phlé, lena n-áirítear forbairt roghanna bealaí, le haghaidh bealach siúil/rothaíochta a chruthú feadh chósta an iarthair, i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht leis an NWRA, le húdaráis áitiúla ábhartha agus le páirtithe leasmhara.

TRP 28 - Chun Tacú le Straitéis Fóillíochta Lasmuigh Náisiúnta NWRA a chur i bhfeidhm, trí ghlasbhealaí, bealaí siúil, conairí agus rianta a leathnú amach laistigh den chontae agus iad a nascadh agus a chomhtháthú le glasbhealaí, bealaí siúil, conairí agus rianta eile atá molta nó atá ann cheana féin laistigh de Chontae Mhaigh Eo agus lasmuigh de aron.

TRP 29 - Chun tacú le glasbhealaí líneacha agus le líonraí glasbhealaí i mbailte a chur chun cinn, agus le forbairt bhreise agus le feabhsú breise na gconairí agus na gcosán cósta a leanas i gContae Mhaigh Eo - Conair Shiúil Chathair na Mart/Chonga; uasghrádú Chonair Chruach Phádraig; Conair Thuar Mhic Éadaigh; Cosán Cósta an Chéide / Cheann Dhún Pádraig agus Conair an tSléibhe Mhóir, i gcomhar leis an Rannóg Turasóireachta agus le páirtithe leasmhara eile.

Pleananna um Iompar Áitiúil sa Toghchán

Éilítear ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo Pleananna um Iompar Áitiúil a fhorbairt mar chuid de phróiseas a Plean Forbartha. Cé gur cruthaíodh an líonra raonta rothaíochta atá leagtha amach sa plean seo chun na socruithe iompair reatha a léiriú, d'fhéadfadh sé a bheith faoi réir athraithe bunaithe ar anailís níos mionsonraithe agus ar mholtaí a forbraíodh mar chuid de phróiseas LTP,

4. Líonra Raonta Rothaíochta Molta

Réamhrá

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí agus ar bheartais atá ann cheana agus ceardlanna a reáchtáil le Comhairle Contae Mhaigh Eo chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhréacht an líona rothaíochta, tugtar achoimre leis an méid a leanas ar an modheolaíocht agus ar fhorbairt an líonra rothaíochta molta do Mhaigh Eo. Tá sonraí iomlána faoin gcaoi ar forbraíodh na líonraí CycleConnects go léir ar fáil ar shuíomh gréasáin Comhairliúcháin an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA).


Sular forbraíodh Líonra Chontae Mhaigh Eo bunaíodh samhail Chóras Faisnéise Geografaí (GIS) don chontae. Leis an tsamhail sin rinneadh an t-eolas ar fad a bhí ar fáil don chontae a mhapáil, a soláthraíodh ag comhlachtaí éagsúla lena n-áirítear an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA), an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO), an Roinn Iompair, Bonneagar Iompair Éireann, an Roinn Oideachais, Comhairle Contae Mhaigh Eo. Áirítear leis na sonraí a bailíodh:

- Láithreacha móra fostaíochta agus dlús na bpost
- Bonneagar agus bealaí rothaíochta atá ann cheana féin
- Stadanna bus, línte iarnróid agus iompar poiblí eile atá ann cheana féin
- Láithreacha na scoileanna agus na n-ionad oideachais
- Ionaid siopadóireachta, ospidéal agus cinn scríbe eile lena bhféadtar rothaithe a tharraingt orthu

Chuidigh tiomsú na sonraí seo le roghnú na rotharbhealaí i Maigh Eo atá ar fáil don oiread daoine agus is féidir. Leis sin, ligeadh do sheirbhísiú na bpríomhchinn scríbe laistigh de Chontae Mhaigh Eo.

Modheolaíocht

Tar éis na sonraí reatha a thiomsú, forbraíodh plean an líonra rothaíochta do Mhaigh Eo. Tá sé bunaithe ar chóras thrí chiseal atá leagtha amach i bhFíor 4.1 thíos.



Fíor 4.1: Modheolaíocht Fhorbartha an Líonra Rothaíochta

Lárionaid Daonra: Déanfaidh Gréasán CycleConnects Mhaigh Eo tréaniarracht bailte agus sráidbhailte a nascadh le chéile mar chuid de ghréasán atá nasctha go hiomlán. Ar an mbealach sin, rinneadh na bailte uile a mhapáil le bailte níos mí amhail Cathair na Mart, Caisleán an Bharraigh agus Béal an Átha. Trí na bailte agus sráidbhailte uile a mhapáil, nochtadh próifíl lena léirítear na háiteanna i Maigh Eo ina raibh an líon is mó daoine lonnaithe agus gur cheart rotharbhealaí féideartha a chur ar fáil. Rinneadh tagairt freisin do shonraí Lonnaíochta na Príomh-Oifige Staidrimh chun eolas a thabhairt do na háiteanna ina bhfuil daoine lonnaithe laistigh den chontae.

Rogha na mBealaí: Nuair a bunaíodh na ceantair daonra, breithníodh ansin bealaí féideartha feadh conairí straitéiseacha. Trí sin, bhíodh in ann pobail iolracha a nascadh le chéile feadh bealaí aonair idiruirbeacha laistigh den chontae agus ag dul isteach i gcontaetha in aice láimhe. Nuair is féidir, bhí na bealaí seo lonnaithe laistigh de Chonairí Líonra Rothaíochta Náisiúnta TII. Dá thoradh sin, seachnaíodh an iomarca rotharbhealaí comhthreomhara a bheith forbartha agus do ghréasán rothar comhtháthaithe a fhorbairt laistigh den chontae.

Aicmiú Rotharbhealaí: Déantar achoimre ar aicmiú bealaigh le haghaidh gach bealach thíos i dTábla 4.1. Ba cheart a thabhairt le fios nach léiríonn an rangú naisc riocht reatha na mbóithre le haghaidh rothaíochta ach aird a tharraingt a iarraidh ar acmhainneacht maidir le haicmí bealaí éagsúla. Mar shampla, cé go bhfuil go leor bealaí idiruirbeacha ann nach bhfuil aon bhonneagar rothar acu, is é a bheidh mar phríomhaidhm ná díriú orthu siúd thar na deich mbliana a bheidh amach romhainn le haghaidh uasghrádaithe cuí.

Tábla 4.1: Aicmiú Bealaí CycleConnects

Cathair/Baile	Dath	Cur Síos
Príomhcheantar Uirbeach		Rotharbhealach d'ardchaighdeáin a fhéadann freastal ar líon ard rothaithe atá tipiciúil i bhformhór na gceantar uirbeacha. Féachfaidh siad seo le bheith ina ngréithe ar mhianlínite móra i lár na mbailte agus cruthóidh siad bealaí rothaíochta gathacha agus cuaracha sainiúla sna bailte móra agus sna cathracha móra. Ba cheart go gcruthódh na príomhbhealaí seo gréasán comhtháite nasctha laistigh den cheantar uirbeach a bheidh simplí do rothaithe a loingseoireacht.
Fo-cheantar Uirbeach		Rotharbhealach dara sraith i mórcheantair uirbeacha chun nascadh le príomhghréasán uirbeach chun dlús bealaigh agus roghanna níos fearr a chur leis an ngréasán. Beidh siad seo go hiondúil ag dul trí ceantair chónaithe, ceantair scoileanna agus ceantair fhostaíochta
Ceantar Idiruirbeach		Rotharbhealach ar an mbóthar maidir le gach príomhlonnaíocht agus ceann scríbe a nascadh lasmuigh de cheantair uirbeacha. D'fhéadfadh go mbeadh cumas orthu seo bealaí easbhóthair/deighilte a chur ar fáil ar chomhthreomhar leis an mbóthar atá ann cheana sna blianta ina dhiaidh sin.
Glasbhealach		Rotharbhealach easbhóthair gan trácht in aice láimhe don chuid is mó dá bhealach. Is gnách go n-aimsíodh iad seo ar chonairí seanráille iarnróid agus ar ghormbhealaí (bealaí feadh aibhneacha, lochanna agus canálacha) agus roinneann rothaithe an bealach le coisithe.

Líonra Rothaíochta Molta Mhaigh Eo

Ag leanúint leis an modheolaíocht a leagadh amach thuas, tá Líonra Rothaíochta Mhaigh Eo leagtha amach i sraith léarscáileanna a thaispeántar i dTábla 4.2 thíos. Tá na léarscáileanna sin ar fáil le breathnú ar PDF agus contae Mhaigh Eoí á roghnú ar leathanach comhairliúcháin an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA).

Tábla 4.2: Líonra CycleConnects Mhaigh Eo - Liosta na Léarscáileanna

Liosta na Léarscáileanna Rothaíochta
Líonra Rothaíochta Chontae Mhaigh Eo - Liosta na Léarscáileanna
Líonra Rothaíochta Uirbeach Chaisleán an Bharraigh
Líonra Rothaíochta Uirbeach Bhéal an Átha
Líonra Rothaíochta Uirbeach Chathair na Mart

Go príomha, síntear an líonra rothaíochta le Líonra CycleConnects Mhaigh Eo níos faide n a na príomhlonnaíochtaí daonra de Chaisleán an Bharraigh, Bhéal an Átha agus Chathair na Mart. Mar achoimre, beidh líonra rothaíochta uirbeach i gceist leis do Chaisleán an Bharraigh, do Bhéal an Átha agus do Chathair na Mart, mar aon le nascóirí idiruirbeacha idir na bailte sin agus lonnaíochtaí eile. Sínfear iad sin ina dhiaidh sin go contaetha in aice leis lena gcruthófar líonra cuimsitheach agus ceangail ar bhonn náisiúnta.

Forbairt Naisc Idiruirbeacha

Nascadh na príomhbailte le daonra thar 1,000 duine trí naisc idiruirbeacha. Nuair is féidir, áiríodh na bailte le daonra níos ísle a bhí lonnaithe feadh an bhealaigh ar na bealaí. Rinneadh naisc chomh maith le bailte trasteorann níos mó chun líonra rothaíochta níos cuimsithí a chruthú. Bhí tionchar chomh maith ar roghnú na mbealaí idiruirbeacha ag suíomh na scoileanna/páirceanna imeartha ar bhealaí comhthreomhara éagsúla.

Mar chuid d'fhorbairt an líonra idiruirbigh, baineadh úsáid as uirlis phleanála taistil Google chun cabhrú leis an mbealach is oiriúnaí a roghnú idir na lonnaíochtaí éagsúla. Áiríodh leis sin bealaí le grádáin iomarcacha a sheachaint. I gcásanna áirithe, ní raibh fáil ar bhealach sách cothrom a roghnú. Dá réir sin, roghnaíodh an bealach is cothroime is mó a bhí ar fáil. Rinneadh mionathrú ar roinnt bealaí, áfach, chun nascadh le bailte/sráidbhailte in aice láimhe nó le príomhchinn scríbe ar nós scoileanna, páirceanna imeartha nó áiteanna a mbíonn an-tóir ag turasóirí orthu.

Baineadh leas as Conairí Ghréasán Náisiúnta Raonta Rothar TII chomh maith chun conairí a fhorluí. Áirítear leo sin, conairí a théann isteach sa Ghailimh, i Ros Comáin agus i Sligeach.

Comhtháthú Glasbhealaí

Glasbhealach Mór an Iarthair

Is conair rothaíochta 44km easbhóthair Glasbhealach Mór an Iarthair a ritheann ó Acaill go Cathair na Mart. Forbraíodh an bealach go príomha feadh líne iarnróid as úsáid Acaill go Cathair na Mart. Osclaíodh an bealach in 2010 agus tá trí chuid i gceist leis, eadhon Acaill go dtí an Mala Raithní, an Mala Raithní go Baile Uí Fhiacháin agus ó Bhaile Uí Fhiacháin go Cathair na Mart.

Glasbhealach Chathair na Mart go Cluain Cearbán

Is é atá molta le Glasbhealach Chathair na Mart go Cluain Cearbán ná glasbhealach 70 km ar fad feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin mar chuid de chonair mhór Chuan Mó ó Acaill go Cluain Cearbán. Téann an bealach trí shléibhte Mhaol Réidh thar an Dúloch, trí Bhealach Shíofra, sula ndéantar teagmháil leis an mbóthar N59 ar ais go Cathair na Mart. Beidh tír-raon measartha réidh i gceist leis an mbealach agus roinnt cnoc crochta ann. Cuireadh stad le forbairt an tionscadail sin agus tá maoiniú fós ag teastáil.

Glasbhealaí Idiruirbeacha Molta

Tá roinnt glasbhealaí idiruirbeacha beartaithe do Chontae Mhaigh Eo, agus tá cuid mhaith acu sonraithe i bPlean Forbartha Chontae Mhaigh Eo. Sa phlean tá achoimre ar an uailmhian chun líonra fadraoin líneach agus Líonra Glasbhealaí Bailte a chruthú. Áirítear na glasbhealaí a leanas leis an líonra sin:

- Cathair na Mart go Béal an Mhuirthead
- Béal an Mhuirthead go Béal an Átha
- Caile Chathail go Clár Chlainne Mhuirís
- Clár Chlainne Mhuirís go Baile an Róba
- Clár Chlainne Mhuirís go Tuaim
- Caisleán an Bharraigh go Cathair na Mart

Níl bealaí deiridh do na glasbhealaí sin ar eolas fós ag an bpointe seo agus mar sin léirítear iad mar ghlasbhealaí táscacha amháin ar na léarscáileanna ábhartha agus d'fhéadfadh siad a bheith faoi réir ag athrú a luaithe is a bheidh na bealaí deiridh ar eolas.

Forbairt Líonraí Uirbeacha Caisleán an Bharraigh

De bharr go raibh daonra le níos mó ná 5,000 duine ann, forbraíodh líonra rothaíochta uirbeach do Chaisleán an Bharraigh. Tá an líonta uirbeach comhdhéanta de Ghlasbhealach Chaisleán an Bharraigh go Chathair na Mart go Glasbhealach Thurlaigh a théann trí lár an bhaile, agus trí chuarbhealaí agus trí bhealaí príomhúla gathacha eile laistigh den bhaile. Ar an taobh theas den bhaile, tá bealach príomhúil gathach molta feadh na n-áiteanna a leanas: Sráid Lucan, Bóthar na Faiche, Bealach Humbert, Sean-bhóthar Chathair na Mart, Sráid na hEaglaise agus an Phríomhshráid. Déantar an bealach sin a fhorlíonadh le bealaí gathacha príomhúla amhail Bóthar an Rátha Bháin, Garrán Iarthar an Chaisleáin, Bóthar Bhréachmhaí, Bóthar an Stáisiúin agus Bóthar Chathair na Mart.

Áirítear le láithreacha ar a ndéantar fónamh leis na bealaí sin:

- Stáisiún Traenach Chaisleán an Bharraigh
- Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo
- Ionad Siopadóireachta Chaisleán an Bharraigh
- Scoil Speisialta Naomh Antaine
- Club Leadóige Chaisleán an Bharraigh
- Coláiste Mhic Dhaibhéid
- Eastát Tionsclaíoch Chaisleán an Barraigh
- Eastát Tionsclaíoch an Mhíle Óir
- Scoile Náisiúnta Buachaillí Naomh Pádraig
- Coláiste DLS (De La Salle) Naomh Gearáilt

Tá roinnt bealaí tánaisteacha molta freisin feadh sráideanna amhail Dromainn na gCloch, Ros Mór, Bóthar Thurlaigh, Páirc Mhiondíola Barcastle, Bóthar John Moore, Bóthar Hopkins agus Sráid an Chaisleáin. Tá siad sin beartaithe chun líonra níos fairsinge agus roghanna breise a sholáthar agus chun gníomhú mar idirnaisc leis na cuar-bhealaí agus bealaí gathacha lena

ndéanta freastal ar ar láithreacha nach bhfuil suite ar chuar-bhealaí agus bealaí gathacha a luadh cheana féin. Áirítear orthu seo:

- Club CLG Uí Mhistéiligh Chaisleán an Bharraigh
- Páirc Mhic Éil Hastings Insurance
- Meánscoil Naomh Iósaf
- Scoil Náisiúnta Naomh Aingil
- Leabharlann Chontae Mhaigh Eo
- Club Peile Castlebar Celtic

Tá siad sin nasctha le bealaí idiruirbeacha ile ar imeall an bhaile mar chuid de líonra rothaíochta lán-nasctha do Maigh Eo.

Forbairt Líonraí Uirbeacha Béal an Átha

De bharr go raibh daonra le níos mó ná 5,000 duine ann, forbraíodh líonra rothaíochta uirbeach do Bhéal an Átha. Áirítear cuairt leis an líonra uirbeach sin a thosaíonn ón nasc idiruirbeach le glasbhealach molta Bhéal an Mhuirthead go Béal an Átha a théann soir feadh Bhóthar Chrois Mhaoilíona agus Shráid an Tiarna Éadbhard agus isteach ar Shráid Bury. Ansin téann an bealach feadh Shráid Uí Rathaille, agus ansin siar feadh Shráid Tone, Shráid an Ghairdín, Choc an Chlochair agus Shráid Mhic Dhiarmada, trí Ard Deochan chun an cuarbhealach a chríochnú.

I measc na láithreacha atá scoite feadh an bhealaigh sin tá:

- Ospidéal Ginearálta (Naomh Iósaf) Bhéal an Átha
- Club CLG Stíofánaigh Bhéal an Átha
- Lár Bhaile Bhéal an Átha (Cinn Scríbe Siopadóireachta Éagsúla)
- Scoil Montessori Belmont
- Meánscoil Naomh Mhuire
- Club Fo-uisce Ghráinne Mhaol
- Ionad Foghlama Mulberry

Sa bhreis ar na cuarbhealaí tá roinnt bealaí gathacha san áireamh chun nascóirí a chur ar fáil le bealaí idiruirbeacha chun freastal a dhéanamh freisin ar láithreacha nach raibh san áireamh leis na cuarbhealaí.

De ghnáth, téann na bealaí gathacha i dtreo an tuaiscirt/an deiscirt nó i dtreo an iarthair/an oirthir agus de ghnáth bíonn siad comhdhéanta de bhealaí príomhúla; ach tá roinnt bealaí tánaisteacha ina gcuid de na bealaí sin. Cuirtear síos ar na bealaí gathacha thíos:

- Tá sé molta go rithfidh cuarbhealach gathach feadh thaobh thuaidh den bhaile lena n-áirítear sráideanna Slí Eachtra, Bóthar na Sop, Bóthar an Mhargaidh, Sráid an Ghairdín agus Ardán Uí Chorrágáin.
- Ón nasc idiruirbeach leis an glasbhealach ó Bhéal an Mhuirthead go Béal an Átha atá molta téann an bealach gathach ó dheas feadh Ardán Uí Chorrágáin, Shráid an Phóna, Shráid Tailling, Shráid Caoimhín de Barra agus isteach ar Shráid an Stáisiúin áit a nascann sé leis an mbealach idiruirbeach a nascann le Caisleán an Bharraigh.
- Téann bealach gathach feadh Shráid Tone agus ansin ag leanúint Shráid Uí Thuathaláin, an Droichid Uachtair, Shráid an Mainistreach agus Ardán Uí hÉilidhe agus ansin nascann sé leis an mbealach idiruirbeach a théann isteach i gContae Shligigh i dtreo Chora Droma Rúisc.
- Agus é ag nascadh ón mbealach idiruirbeach ó bhaile Shligigh san oirthir, téann an bealach gathach atá molta ó dheas feadh Riverslade, ag casadh isteach i Sráid an

Chláir trí go Bóthar na hArdeaglaise isteach ar Bhóthar Ridgepool áit a nascann sé le glabhealach atá molta a théann ó dheas go dtí Béal Easa.

Áirítear leis na láithreacha ar a ndéantar freastal leis na bealaí gathacha i dtreo an tuaiscirt/an deiscirt nó i dtreo an iarthair/an oirthir:

- Stáisiúin Traenach agus Bus Bhéal an Átha
- Scoil Naomh Damhait
- Gaelscoil na gCeithre Maol
- Club/Cúrsa Gailf Bhéal an Átha
- CLG Shairséalaigh Bhéal an Átha
- Coláiste Moyne
- Linn Snámha Bhéal an Átha
- Lárionad Spóirt Bhéal an Átha
- Montessori an Aingil Choimhdeachta

Tá roinnt bealaí tánaisteacha molta feadh sráideanna amhail an Garrán Chaol, an Cuarbhóthair, Sráid Humbert, Sráid Nally, Sráid an Phiarsaigh, Sráid Emmet, Bóthar na hEaglaise, Bóthar Bhun Riabh, Bóthar Mercy agus Bóthar na bhFíníní. Tá sé beartaithe go bhfeidhmeoidh na fo-bhealaí seo agus iad ag nascadh leis na cuarbhealaí agus na bealaí gathacha chomh maith leis na láithreacha nach bhfuil suite ar chuar-bhealaí agus bealaí gathacha a luadh cheana féin. Áirítear orthu seo:

- Coláiste Mhuireadach
- Club LGFA Chill Mhór Mhuaidhe
- Rian Lúthchleasaíochta Bhéal an Átha
- Club Socair Bhéal an Átha
- Lárionad Cúram Leanaí Greenhills

Forbairt Líonraí Uirbeacha Cathair na Mart

De bharr go raibh daonra le níos mó ná 5,000 duine ann, forbraíodh líonra rothaíochta uirbeach do Chathair na Mart Cosúil le Caisleán an Bharraigh, bhí an líonra uirbeach bunaithe ar ghlabhealaí atá ann agus ar ghlabhealaí atá molta a ritheann/a rithfidh tríd an mbaile Tá cuarbhealach molta i lár an bhaile lena n-áirítear Sráid Shéamais, An Meal Thuaidh, Sráid an Mhuilinn agus Sráid an Siopaí. Tá dara cuarbhealach laistigh suite siar ó dheas agus áirítear sráideanna leis amhail Sráid na Siopaí, an tSráid Ard, an Cheathrú Bhán, Bóthar an Líonáin, agus Sráid na Cé. Leis na cuarbhealaí laistigh sin tá sé beartaithe chun líonra lán-nasctha a sholáthar laistigh de lár an bhaile agus rochtain a sholáthar ar shiopaí éagsúla, ar sheirbhísí agus ar an nglabhealach ó dheas.

Tá cuarbhealach molta in iarthuaisceart an bhaile a thosaíonn ag an mbealach nascóra iduirbeach ó Inis an Ghoirt feadh bhóthar an Chúrsa Gailf go dtí go mbuaileann sé leis an N59. Ón áit sin leanann an bealach ó dheas feadh Bhóthar Bhaile Uí Fhiacháin agus siar ó dheas trí Shráid Shéamais. Ag comhal Shráid Pheadair tiontaíonn an bealach isteach ar Shráid na Cé áit a leanann sé ar aghaidh i dtreo an iarthair feadh Bhóthar na Cé. Ó chomhal Bhóthar na Cé tiontaíonn an bealach ansin isteach ar an gCé áit a théann sé ó thuaidh agus ansin tiontaíonn sé isteach ar Chlós na Feirme chun an chuar-lúb a chríochnú. Déantar é sin a fhorlíonadh le bealach gathach laistigh feadh an Bhóthair Nua trí Theach agus trí Ghairdíní Chathair na Mart. Tuigtear go mbeidh ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo, áfach, cead ar rochtain a dhearbhú maidir leis an nasc sin. Cuirfear nasc glabhealaí laistigh ar fáil freisin chun scoileanna éagsúla agus tithíocht sa chuid seo de Chathair na Mart a nascadh.

I measc na láithreacha ar a ndéanfar freastal leis an gcuarbhealach seo tá:

- Westport United FC
- Scoil na hÁite Súgartha
- Club CLG Chathair na Mart
- Teach Chathair na Mart
- Bunscoil Pádraig
- An Pháirc Charbhán agus Láithreán Campála ag Teach Chathair na Mart
- Gaelscoil na Cruaiche

Sa bhreis ar na cuarbhealaí tá roinnt bealaí gathacha san áireamh chun nascóirí a chur ar fáil le bealaí idiruirbeacha chun freastal a dhéanamh freisin ar láithreacha nach raibh san áireamh leis na cuarbhealaí. Cuirtear síos ar na bealaí gathacha thíos:

- Tá bealach gathach molta a nascann le Glasbhealach Mór an Iarthair a théann isteach ar thaobh tuaisceart Chathair na Mart, agus a théann ó dheas ansin feadh Áit Tí Fhearghais, ansin téann an bealach gathach molta isteach ar Bhóthar Bhaile Uí Fhiacháin agus leanann sé feadh an N59 isteach ar Shráid Bhaile Uí Fhiacháin agus ar an N5 feadh Shráid Shéamais. Ansin leanann an bealach na bealaí tánaisteacha atá molta feadh Shráid Pheadair isteach ar Chnoc an Tobair áit a gcasann sé isteach ar Shlí an Líonáin agus leanann sé ó dheas ag casadh isteach ar an gCeathrú Bhán áit a nascann sé leis an mbealach idiruirbeach atá molta a nascann le bealaí i dtreo Chluain Cearbán agus isteach i gContae na Gaillimhe.
- Nascann an bealach gathach deiridh leis an mbealach idiruirbeach a nascann le Caisleán an Barraigh, áit a dtéann sé i dtreo an iarthuaiscirt agus leanann an bealach an N5 feadh Bhóthar Chaisleán an Barraigh isteach ar Shráid Chaisleán an Barraigh agus ar Shráid an Droichid. Ansin tiontaíonn an bealach isteach ar Shráid na Siopaí agus leanann sé ar aghaidh ó dheas feadh na Sráide Airde agus isteach ar an gCeathrú Bhán áit a nascann sé le leis an mbealach idiruirbeach atá molta a nascann le bealaí i dtreo Chluain Cearbán agus isteach i gContae na Gaillimhe.

Áirítear leis na láithreacha ar a ndéantar freastal leis na bealaí gathacha i dtreo an tuaiscirt/an deiscirt nó i dtreo an iarthair/an oirthir:

- Stáisiúin Traenach Chathair na Mart
- Coláiste Breisoideachais Chathair na Mart
- Scoil Náisiúnta Cholmcille
- Meánscoil de Rís
- Meánscoil an Chroí Naofa

Tá roinnt bealaí tánaisteacha molta freisin feadh shráideanna amhail Cnoc Uí Horgáin, Rae Sheáin, Cnoc an Tobair, an Fearann Thiar, Ascaill Achadh an Fhuaráin agus Cluain Muanad. Tá sé beartaithe go bhfeidhmeoidh na fo-bhealaí seo agus iad ag nascadh leis na cuarbhealaí agus na bealaí gathacha chomh maith leis na láithreacha nach bhfuil suite ar chuar-bhealaí agus bealaí gathacha a luadh cheana féin.

5. Na chéad céimeanna eile

Iarradh ar AECOM, mar chuid d'Oifig Dearaidh Rothaíochta an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA) pleananna cuimsitheacha rothaíochta a fhorbairt do chontae Mhaigh Eo agus do bhailte Bhéal an Átha, Chaisleán an Bharraigh agus Chathair na Mart.

Cuirtear dearadh an líonra do Mhaigh Eo ar fáil do chomhairliúchán poiblí. Dá thoradh sin, beidh deis ag daoine den phobal a n-aiseolas a chur isteach. Is féidir léarscáileanna aonair a fheiceáil atá ar fáil ar shuíomh an Údaráis Náisiúnta Iompair agus atá ar fáil sna naisc thíos:

Tábla 5.1: Líonra CycleConnects Mhaigh Eo - Liosta na Léarscáileanna

Liosta na Léarscáileanna Rothaíochta
Líonra Rothaíochta Chontae Mhaigh Eo - Liosta na Léarscáileanna
Líonra Rothaíochta Uirbeach Chaisleán an Bharraigh
Líonra Rothaíochta Uirbeach Bhéal an Átha
Líonra Rothaíochta Uirbeach Chathair na Mart

Tar éis comhairliúcháin poiblí, déanfar athbhreithniú ar aighneachtaí, agus athrófar léarscáileanna an líonra chun dáta de réir mar is gá.